Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12012/22**

**ENER 415**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bearta éigeandála a d'fhéadfadh a dhéanamh chun praghsanna arda fuinnimh a mhaolú<br>- Malartú tuairimí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an páipéar cúlra ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite i bhfianaise na Comhairle Urghnáiche Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh an 9 Meán Fómhair 2022.

**IARSCRÍBHINN**

# Bearta éigeandála a d’fhéadfadh a dhéanamh chun praghsanna arda fuinnimh a mhaolú

*Páipéar cúlra ón Uachtaránacht*

## Réamhrá agus cúlra

Tá na margaí á stiúradh, go háirithe an margadh gáis, le praghsanna fuinnimh atá ag ardú agus luaineacht mhór de bharr ciorruithe soláthair leanúnach ón Rúis lena n-áirítear stopadh iomlán éiginnte d’oibriú phíblíne Nord Stream 1 le déanaí agus an t-ionradh gan chúis ar an Úcráin. Tá praghsanna arda fuinnimh agus luaineacht ag cur leis an méadú ar an mboilsciú, agus bíonn tionchar tromchúiseach acu ar ghnólachtaí agus tomhaltóirí uile, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibhsean amháin, ar na teaghlaigh is leochailí, is boichte ó thaobh fuinnimh de, agus níos mó agus níos mó ar na teaghlaigh ar mheánioncam freisin. Ina theannta sin, tá an acmhainn giniúna leictreachais san Aontas i bhfad níos ísle ná mar is gnách, go háirithe mar gheall ar an easnamh cumhachta núicléiche i roinnt Ballstát, an laghdú ar ghiniúint hidreachumhachta san Eoraip, leibhéil ísle na Réine agus aibhneacha eile a théann i bhfeidhm ar an iompar guail, agus dálaí gaoithe neamhfhabhracha, i measc tosca eile. Tá ganntanas giniúna cumhachta ó na foinsí fuinnimh sin ag cur leis an éileamh ar ghás.

Sa chás sin, tá sé ríthábhachtach forbairtí sa mhargadh a mheas agus bearta a d’fhéadfadh a dhéanamh a shainaithint chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda leictreachais mar thoradh ar phraghsanna arda gáis. Sa bhreis ar bhosca uirlisí an Choimisiúin i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus ag tógáil ar Phlean REPower EU a foilsíodh i mí Bealtaine, tá bearta éagsúla glactha cheana féin ag na Ballstáit chun na tionchair ar an leibhéal náisiúnta a leigheas, ach ós rud é go bhfuil an staid ar an margadh ag dul in olcas, iarrann na comhpháirtithe sóisialta go ndéanfaí réitigh uile-Aontais a chur chun feidhme go pras lena maolófaí na tionchair dhiúltacha ar mhargaí na hEorpa. Is léir go ndéanfaidh an séasúr téimh atá le teacht tástáil ar athléimneacht mhargadh fuinnimh an Aontais.

Le déanaí, tá imní leachtachta maidir le trádáil leictreachais tagtha chun cinn mar dhúshlán nua do mhargadh inmheánach an Aontais a chuireann brú ar shuíomhanna fálaithe na ngníomhaithe margaidh. Uaireanta, mar thoradh ar luaineachtaí laethúla i bpraghsanna, tagann méaduithe suntasacha ar cheanglais éarlaise maidir le conarthaí todhchaíochtaí. Mar gheall air sin, tá sé beagnach dodhéanta do líon méadaitheach cuideachtaí a suíomhanna fálaithe a choinneáil ar oscailt, rud a fhágann go dtarraingíonn siad siar ó na margaí todhchaíochtaí. Laghdaíonn leibhéil rannpháirtíochta níos ísle sna margaí todhchaíochtaí méid leachtachta sna margaí sin agus, dá réir sin, cuireann siad le luaineacht praghsanna - fáinne fí is ea é.

Chun dul i ngleic leis na saincheisteanna thuasluaite, tá bearta náisiúnta éagsúla tugtha isteach ag na Ballstáit. Chun aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar na dúshláin ar leibhéal an Aontais, is féidir na roghanna seo a leanas a mheas.

**Na roghanna a breithníodh**

<u>A) An tionchar a bhíonn ag praghas an gháis ar phraghas an leictreachais a dhíchúpláil/a theorannú</u>

- Uasteorannú sealadach a chur ar phraghas an gháis a úsáidtear chun leictreachas a tháirgeadh;
- Uasteorannú sealadach a chur ar phraghas an gháis a allmhairítear ó dhlínsí sonracha;
- Táirgeadh leictreachais ó ghás a eisiamh go sealadach ó ord fiúntais agus ó shocrú praghsanna ar an margadh leictreachais.

<u>B) Leachtacht an mhargaidh a mhéadú</u>

- Tacaíocht láithreach líne chreidmheasa a chur ar fáil do rannpháirtithe sa mhargadh a bhfuil glaonna an-ard ar éarlaisí acu, lena n-áirítear an cás le haghaidh réiteach sonrach ar an leibhéal Eorpach, mar shampla trí BCE;
- Na rialacha trádála maidir le malartuithe fuinnimh a mhodhnú, amhail na ceanglais rialála maidir le comhthaobhacht i dtrádáil leictreachais a mhodhnú go sealadach, lena n-áirítear coigeartuithe uathoibríocha ar bhuaicphraghsanna a athbhreithniú;
- Margaí na ndíorthach cumhachta na hEorpa a chur ar fionraí go sealadach; nó go mbeadh trádáil na margaí todhchaíochtaí faoi réir bandaí ar leith.

C) Bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar leictreachas

- Bearta maidir le laghdú ar éileamh in earnáil an leictreachais, mar shampla, atá cosúil le bearta comhordaithe i ndáil le laghdú ar éileamh in earnáil an gháis mar a glacadh i mí Iúil 2022 iad.

D) Ioncam na dtáirgeoirí infrimeallacha leictreachais a theorannú agus a úsáid

- An t-ioncam a thuilleann táirgeoirí infrimeallacha a aistriú go sealadach agus iad a úsáid chun an brú ó phraghsanna arda fuinnimh ar chustaiméirí a mhaolú, agus ag an am céanna, gan an praghas mórdhíola a athrú.

E) Tionchar chóras AE i ndáil le trádáil astaíochtaí (CTA AE)

- Measúnú a dhéanamh ar na roghanna faoin gcaoi is fearr le húsáid a bhaint as CTA AE chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda leictreachais atá ann faoi láthair agus a áirithiú go ndéanfaidh an Chomhairle dul chun cinn tapa i dtreo an chomhaontaithe maidir le caibidlí a bhaineann le REPowerEU i bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta (an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta), lena n-áirítear an fhéidearthacht a bheith ann lamháltais ó Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh a úsáid.

Ba cheart na bunphrionsabail seo a leanas maidir le beartas fuinnimh an Aontais agus cuspóirí gaolmhara a urramú in aon idirghabháil ábhartha sa todhchaí:

- ba cheart slándáil an tsoláthair leictreachais agus gáis ar an leibhéal Eorpach a chaomhnú;
- ba cheart an margadh inmheánach fuinnimh agus na tairbhí gaolmhara a chaomhnú;
- níor cheart méadú ar thomhaltas gáis a bheith mar thoradh ar na bearta sin, agus níor cheart go gcuirfeadh siad na hiarrachtaí chun tomhaltas gáis a laghdú san Eoraip i mbaol;
- ba cheart go mbeadh an fhreagairt éasca le cur chun feidhme agus ba cheart di a bheith comhordaithe ar fud an Aontais;
- ba cheart go laghdódh na bearta an tionchar ar bhillí fuinnimh an chustaiméara;
- a bheith comhsheasmhach le cuspóirí agus cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

Tá na roghanna thuasluaite maidir le bearta éigeandála ceaptha a bheith mar fhreagairt láithreach ar an staid urghnách atá ann faoi láthair. Mar sin féin, ba cheart dúinn leanúint de phlé a dhéanamh ar uasghrádú córasach ar dhearadh an Mhargaidh Inmheánaigh Fuinnimh ionas go mbeadh sé níos ullmhaithe do dhálaí margaidh comhchosúla amach anseo. Ní mór an t-uasghrádú sin a mheas mar is ceart, ní mór cur leis an anailís chríochnúil agus leis an measúnú tionchair agus ní mór cur chun feidhme de réir a chéile margaidh fuinnimh dhícharbónaithe amach anseo a chur san áireamh.

*Ceisteanna:*

1. *An aontaíonn tú go bhfuil na bearta uile-Aontais atá le moladh ag an gCoimisiún tábhachtach le glacadh in am don séasúr téimh atá le teacht? Má aontaíonn tú, cé acu de na roghanna atá leagtha amach nó de na roghanna malartacha ba cheart a shaothrú?*

2. *Cén cineál ionstraimí sonracha a mheasfá a bheith oiriúnach chun réiteach tapa a fháil ar na fadhbanna thuasluaite?*